Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 1 Iúil 2025
(OR. en)

9867/25

LIMITE

CORLX 552
CFSP/PESC 834
COAFR 128

PUBLIC

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/740 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas |

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/740**
**a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/740 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2015 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSúdáin Theas agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/449/CBES[1], agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

---

[1] IO L 117, 8.5.2015, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/740/oj.

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 7 Bealtaine 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/740.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 12(2) de Chinneadh (CBES) 2015/740, rinne an Chomhairle athbhreithniú ar liosta na ndaoine atá faoi réir bearta sriantacha a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh sin.

(3) Tháinig an Chomhairle ar an tátal gur cheart na bearta sriantacha in aghaidh duine amháin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740 a choinneáil ar bun agus gur cheart an iontráil don duine sin a nuashonrú.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2015/740 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

PUBLIC

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC

**IARSCRÍBHINN**

PUBLIC

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/740, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil Uimh. 1:

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| '1. | Michael MAKUEI LUETH | Dáta breithe: 1947<br>Áit bhreithe: Bor, an tSúdáin Theas; Bor, an tSúdáin<br>Inscne: fireann | Tá Michael Makuei Lueth sa phost mar Aire Faisnéise agus Craolacháin ó 2013 i leith agus tá sé fós sa phost sin i Rialtas Idirthréimhseach Athbheoite na hAontachta Náisiúnta sa tSúdáin Theas. Bhí sé ina urlabhraí poiblí freisin do thoscaireacht an rialtais chuig cainteanna síochána an Údaráis Idir-rialtasaigh Forbartha ó 2014 go 2015 agus ó 2016 go 2018.<br>Chuir Michael Makuei Leuth bac, go háirithe trí ráitis phoiblí ghríosaitheacha, ar chur chun feidhme an Chomhaontaithe maidir le Réiteach na Coinbhleachta sa tSúdáin Theas (ARCSS) i mí Lúnasa 2015 (ar cuireadh "ARCSS Athbheoite" (R-ARCSS) ina ionad i mí Mheán Fómhair 2018), ar obair Choimisiún Comhpháirteach Faireacháin agus Meastóireachta ARCSS (JMEC, a athainmníodh mar "JMEC Athbhunaithe" faoi R-ARCSS), ar bhunú Institiúidí Ceartais Idirthréimhsigh ARCSS (dá bhforáiltear freisin in R-ARCSS), agus ar oibríochtaí Fhórsa Cosanta Réigiúnaí na Náisiún Aontaithe. | 3.2.2018'. |

| | Ainm | Faisnéis chéannachta | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | Ina theannta sin, tá baint ag Michael Makuei Leuth le ciorrú córasach an spáis pholaitiúil agus dhaonlathaigh agus le cur faoi chois na meán, , lena n-áirítear trí bhagairtí rialta ar iriseoirí agus trí thacaíocht a thabhairt do chinsireacht na meán, rud a chuireann bac ar an daonlathú agus ar an tsíocháin inbhuanaithe sa tSúdáin Theas.<br>Ó thús 2025, dhiúltaigh Michael Makuei Leuth go poiblí d'iarrataí ar idirphlé, le reitric achrannach agus tarcaisneach, agus an teannas ag éirí níos measa. Chosain Michael Makuei Leuth na gabhálacha i gcoinne an Chéad Leas-Uachtaráin Riek Machar agus a chomhghuaillithe, rud a chuir bac ar iarrachtaí an lasóg a bhaint den bharrach.<br>Tá bac á chur, dá bhrí sin, ag Michael Makuei Leuth ar an bpróiseas polaitiúil sa tSúdáin Theas agus tá sé freagrach as sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine, go háirithe an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh. | |

PUBLIC